TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 16 Eanáir 2025[1]

Cás C-600/23

Royal Football Club Seraing
v
Fédération internationale de football association (FIFA),
Union royale belge des sociétés de football association ASBL (URBSFA),
Union européenne des sociétés de football association (UEFA),
páirtí uamtha:
Doyen Sports Investment Ltd

(Iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation (an Bheilg))

(Tarchur chun réamhrialú – Leigheasanna breithiúnacha – Cosaint dlí éifeachtach – Airteagal 47 den Chairt – Reachtanna FIFA – An Chúirt Eadrána Spóirt – Comhréireacht dámhachtain eadrána le dlí an Aontais Eorpaigh arna hathbhreithniú ag cúirt tríú tír – Rialacha náisiúnta de réir stádas *res judicata*)

I. Réamhrá

1. ‘Bíodh sé maith nó olc, níl mórán paisin chomh forleathan agus chomh domhain céanna ar fud an domhain leis an bpaisean don spórt. Is minic a bhíonn a shiombalachas iontach. Tarraingíonn sé amach na cáilíochtaí daonna ab amhra (dea-spórtúlacht, an tóraíocht ar shármhaitheas a bhaint amach, muintearas), agus is measa (caimiléireacht agus foréigean gramaisce). Is gnó idirnáisiúnta mór é freisin. Ní lú ná an cumas atá aige daonraí móra a spreagadh, agus mar sin cuireann sé go nádúrtha mealltacht chumhachtach orthu siúd a bhainfeadh úsáid as a dhraíocht dá gcríoch féin. Gluaiseann an fonn ar thionchar polaitiúil agus ar airgead an croí taobh istigh den chulaith ghnó le fórsa chomh príomha céanna le haislingí na glóire a mhúsclaíonn tuineach an chianreathaí. […] Agus i gcroílár cheist an rialaithe tá an t-údarás deiridh chun noirm a bhunú agus chun díospóidí a réiteach’.[2]

2. Tá na focail seo fíor chomh mór inniu agus a bhí siad in 1993 nuair a foilsíodh den chéad uair iad. Tá ceist an rialaithe i gceist sa chás seo: go sonrach, an gaol idir córas réitigh díospóidí an Fédération internationale de football association (FIFA) os comhair na Cúirte Eadrána Spóirt (CES) agus prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí faoi dhlí an Aontais.

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Paulsson, J., ‘Arbitration of international sports disputes’, *Arbitration International*, Iml. 9(4), 1993, lch. 359.

II. Fíorais sna príomhimeachtaí

A. Na príomhphearsa

3. Is cumann neamhbhrabúis é an t-iarratasóir, Royal Football Club Seraing, a bhfuil a oifig cláraithe in Seraing, an Bheilg, atá faoi rialú dhlí na Beilge agus a reáchtálann an club sacair Seraing, atá cleamhnaithe le Union royale belge des sociétés de football association ASBL (Cumann Sacair Ríoga na Beilge; 'URBSFA').

4. Mar a mhínigh an chúirt a rinne an tarchur, le linn shéasúr 2013/14, ghlac bainistíocht nua seilbh ar an gclub agus é 'd'aidhm aici an club a thabhairt ar ais […] chuig scothaicme na Beilge nó fiú idirnáisiúnta'. Tá sé 'fós ag forbairt faoi láthair i Roinn Amaitéarach 1, mar sin ar imeall an tsacair ghairmiúil a bhfuil sé d'aidhm aige a bhaint amach go dlisteanach chomh luath agus gur féidir, rud a bhaineann le bheith in ann a sheasamh a neartú i dtéarmaí spóirt agus airgeadais'.

5. Mar thríú páirtí sna himeachtaí lena dtacaítear leis an iarratasóir, is cuideachta phríobháideach í Doyen Sports Investment Limited ('Doyen Sports') atá corpraithe faoi dhlí Mhálta agus a bhfuil a hoifig cláraithe in Sliema, Málta. Díríonn sí a gníomhaíocht tráchtála ar chúnamh airgeadais a chur ar fáil do chlubanna sacair san Eoraip. [3]

6. Is cumann neamhbhrabúis é an chéad chosantóir, FIFA, arna rialú ag dlí na hEilvéise a bhfuil a oifig cláraithe in Zurich (an Eilvéis). Is grúpa de chomhlachais náisiúnta é atá freagrach as an sacar a eagrú agus a rialú ina dtíortha faoi seach.

7. Is cumann neamhbhrabúis é an dara cosantóir, Union européenne des sociétés de football association (UEFA), arna rialú ag dlí na hEilvéise a bhfuil a oifig cláraithe in Nyon (an Eilvéis) agus a thugann le chéile cumainn náisiúnta mhór-roinn na hEorpa.

8. Is cumann neamhbhrabúis na Beilge é an tríú cosantóir, an URBSFA, a bhfuil a oifig cláraithe sa Bhruiséil (an Bheilg), atá ina bhall de UEFA agus de FIFA araon.

B. Na rialacha FIFA atá faoi chonspóid

9. Leagtar síos i 'Rialacháin maidir le Stádas agus Aistriú Imreoirí' ('na Rialacháin SAI') [4] de chuid FIFA, rialacha domhanda agus ceangailteacha maidir le stádas na n-imreoirí agus a n-incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa sacar eagraithe. Tá cuid d'fhorálacha na rialachán sin ceangailteach go díreach ar chumainn náisiúnta; ní mór do gach cumann daoine eile a áireamh ina rialacháin féin.

[3] De réir a hairteagail chomhlachais, is iad a haidhmeanna, *inter alia*: (a) imreoirí sacair, traenálaithe agus bainisteoirí a cheannach; (b) ionadaíocht imreoirí sacair, traenálaithe agus bainisteoirí; (c) imreoirí, traenálaithe agus bainisteoirí a aistriú idir clubanna éagsúla; (d) ionadaíocht clubanna; (e) brabús a bhaint as clubanna sacair nó ról gníomhach a bheith acu ina mbainistíocht ó lá go lá, ar choinníoll go gcomhlíonann siad rialacháin FIFA agus aon rialacháin ábhartha náisiúnta nó idirnáisiúnta eile; agus (f) iasachtaí a dheonú do chlubanna sacair.

[4] Ar fáil ag: https://digitalhub.fifa.com/m/69b5c4c7121b58d2/original/Regulations-on-the-Status-and-Transfer-of-Players-June-2024-edition.pdf.

10. An 26 Meán Fómhair 2014, fógraíodh le preaseisiúint FIFA, 'chun ionracas an chluiche agus na n-imreoirí a chosaint, ghlac an Coiste Feidhmiúcháin cinneadh an phrionsabail ghinearálta go gcuirfear cosc ar úinéireacht tríú páirtí ar chearta eacnamaíocha na n-imreoirí ("TPO") le hidirthréimhse'. [5]

11. I gciorclán dar dáta an 22 Nollaig 2014 a seoladh chuig a bhaill, chuir FIFA in iúl do na cumainn náisiúnta, agus dá bhrí sin do URBSFA, ag a chruinnithe an 18 agus an 19 Nollaig 2014, gur fhormheas a Choiste Feidhmiúcháin 'forálacha nua atá le háireamh sna Rialacháin [SAI] maidir le húinéireacht tríú páirtí ar chearta eacnamaíocha na n-imreoirí agus tionchar tríú páirtí ar chlubanna', agus é soiléirithe go dtiocfadh siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015 agus nach mór iad a áireamh ar liosta na bhforálacha ceangailteacha ar an leibhéal náisiúnta.

12. Faoi na rialacha nua, (i) tá cosc iomlán ar chomhaontuithe nua a thabhairt i gcrích atá contrártha leis an gcosc ar TPO amhail ón 1 Bealtaine 2015; (ii) ceadaíodh conarthaí a dhéanamh fós agus a theacht i bhfeidhm idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2015, ach ní raibh siad bailí ach ar feadh bliain amháin ón dáta ar síníodh iad; (iii) fanfaidh conarthaí a rinneadh agus a tháinig i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2015 i bhfeidhm go dtí dáta éaga an chonartha ach ní fhéadfar síneadh a chur leo tar éis an dáta sin.

13. Tríú páirtí, de réir bhrí na rialacha sin, is ea aon 'pháirtí seachas an t-imreoir atá á aistriú, an dá chlub a aistríonn an t-imreoir ó chlub amháin go club eile, nó aon chlub roimhe sin, lena bhfuil an t-imreoir cláraithe'. [6]

C. Conarthaí tríú páirtí atá faoi chonspóid

14. An 30 Eanáir 2015, rinne Royal Football Club Seraing comhaontú le Doyen Sports, ar socraíodh a théarma conarthach go dtí an 1 Iúil 2018. Rinneadh foráil sa chomhaontú sin maidir le comhaontuithe maoiniúcháin sonracha amach anseo a thabhairt i gcrích d'aon imreoir de chuid an iarratasóra arna roghnú trí chomhaontú frithpháirteach idir an dá pháirtí agus rialaigh sé aistriú chearta eacnamaíocha triúr imreoirí ainmnithe. Tháinig Doyen Sports ina úinéir ar 30 % de 'luach airgeadais a thagann ó chearta cónaidhme' na n-imreoirí sin, agus cuireadh cosc ar Royal Football Club Seraing a sciar de chearta eacnamaíocha na n-imreoirí sin a aistriú 'go neamhspleách agus go huathrialach' chuig tríú páirtí.

15. An 7 Iúil 2015, rinne Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports dara comhaontú, a bhí cosúil le comhaontú an 30 Eanáir 2015, chun 25 % de chearta eacnamaíocha imreora ainmnithe nua a aistriú.

[5] 'Tá trí chineál ceart ag imreoirí sacair: cónaidhmeach; saothair; agus eacnamaíoch. [...] Baineann cearta cónaidhmeacha leis an gceart atá ag imreoir agus leis an gceanglas atá air clárú leis an gcumann rialaithe (e.g. United States Soccer Federation (Cónaidhm Sacair na Stát Aontaithe)) na tíre ina bhfuil a chlub. [...] Is é an dara cineál ceart atá ag imreoirí sacair ná saothar, a thagraíonn do chomhaontú fostaíochta. [...] Is é an tríú ceart agus an ceart deiridh atá ag imreoir sacair ná a cheart eacnamaíoch. [...] Cé go bhfuil cearta cónaidhmeacha agus saothair eisiach do chlubanna agus imreoirí, níl cearta eacnamaíocha na n-imreoirí ann, rud a chuir ar chumas tríú páirtithe conradh a dhéanamh le himreoirí chun a gcearta eacnamaíocha a shannadh ionas gur féidir leo na táillí aistrithe a íocann clubanna as na himreoirí a bhailiú.' Williams, B., 'The fate of third party ownership of professional footballers' rights: Is a complete prohibition necessary', *Texas Review of Entertainment & Sports Law*, Iml. 10, 2008, lch. 79, ag lch. 83.

[6] Na Rialacháin SAI, 'Sainmhínithe', mír 14.

D. An dámhachtain eadrána

16. An 4 Meán Fómhair 2015, fuair Coiste Araíonachta FIFA go raibh Royal Football Club Seraing ciontach as sárú ar rialacha thuasluaite FIFA as an dá chomhaontú a dhéanamh agus chuir sé cosc air imreoirí a chlárú ar feadh ceithre thréimhse chlárúcháin (2 bhliain) agus d'ordaigh sé dó fíneáil 150 000 franc na hEilvéise (CHF) a íoc.

17. An 7 Eanáir 2016, dhiúltaigh Coiste Achomhairc FIFA d'achomharc Royal Football Club Seraing i gcoinne an chinnidh sin.

18. An 9 Márta 2016, thaisc Royal Football Club Seraing achomharc i gcoinne an chinnidh sin an 7 Eanáir 2016 os comhair CES, i gcomhréir le rialacha Reachtanna FIFA [7] maidir le headráin.

19. I ndámhachtain dar dáta an 9 Márta 2017, chinn CES gur bunaíodh an dlí is infheidhme le rialacháin FIFA agus le dlí na hEilvéise, lena n-áirítear an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR), agus le dlí an Aontais, go háirithe, forálacha na gConarthaí maidir le saorghluaiseacht agus iomaíocht. [8]

20. Tháinig CES ar an gconclúid go raibh forálacha nua Rialacháin SAI dleathach. Maidir le cinneadh araíonachta FIFA, laghdaigh CES an cosc ar imreoirí a chlárú go trí thréimhse agus sheas sé leis an bhfíneáil.

21. An 15 Bealtaine 2017, chuir an t-iarratasóir iarratas isteach chun dámhachtain an 9 Márta 2017 a neamhniú os comhair an Tribunal fédéral (Chúirt Uachtarach na Cónaidhme, an Eilvéis). Dhiúltaigh an chúirt sin don iarratas sin le breithiúnas an 20 Feabhra 2018.

E. Dlíthíocht as ar eascair na príomhimeachtaí

22. An 3 Aibreán 2015, thionscain Doyen Sports imeachtaí i gcoinne FIFA, UEFA, agus URBSFA os comhair Tribunal de commerce francophone de Bruxelles (Cúirt Tráchtála na Bruiséile (ina labhraítear Fraincis), an Bheilg), a raibh Royal Football Club Seraing páirteach inti an 8 Iúil 2015.

23. D'iarr an t-iarratasóir, i measc nithe eile, go ndearbhódh an chúirt go bhfuil cosc iomlán ar na cleachtais a eisiatar le rialacha nua Rialacháin SAI (ar a dtugtar TPO nó 'infheistíocht tríú páirtí') neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais. Go sonrach, maíonn siad go bhfuil an cosc sin contrártha do shaorghluaiseacht caipitil, don cheart chun seirbhísí a sholáthar, don cheart chun saorghluaiseachta oibrithe agus do dhlí na hiomaíochta.

24. Ina theannta sin, iarrann sé, faoi Airteagal 1382 den Code civil roimhe seo (Cód Sibhialta na Beilge), le suim shealadach EUR 500 000 mar chúiteamh ar an damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar chur i bhfeidhm rialacha nua Rialacháin SAI.

[7] Tá an leagan de Reachtanna FIFA is infheidhme maidir leis an gcás seo ó 2016 agus tá sé ar fáil anseo: https://www.icsspe.org/system/files/FIFA%20Statutes.pdf. Leasaíodh Reachtanna FIFA in 2024 agus tá an leagan sin ar fáil anseo: https://digitalhub.fifa.com/m/16d1f7349fa19ade/original/FIFA-Statutes-2024.pdf.

[8] Measadh gur forálacha éigeantacha den dlí eachtrach iad sin de réir bhrí Airteagal 19 den Loi fédérale du 18 décembre 1987 sur le droit international privé (Dlí Chónaidhme na hEilvéise maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach an 18 Nollaig 1987).

25. Le breithiúnas an 17 Samhain 2016, dhiúltaigh Tribunal de commerce francophone de Bruxelles (Cúirt Tráchtála na Bruiséile (ina labhraítear Fraincis)) dlínse chun éilimh an iarratasóra a éisteacht. An 19 Nollaig 2016, thaisc Royal Football Club Seraing achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg). [9]

26. Ar achomharc, rinne Royal Football Club Seraing iarracht dliteanas FIFA, UEFA, agus URBSFA a bhunú ar bhonn an dlí náisiúnta. Mhaígh sé gur sháraigh an triúr cosantóirí dlí an Aontais trí chosc a chur air comhaontuithe 'infheistíochta tríú páirtí' nó 'úinéireachta tríú páirtí' a dhéanamh, gur bhain an sárú sin ar dhlí an Aontais modh airgeadais nó forbartha de agus go raibh iarmhairtí díobhálacha ag na bearta araíonachta.

27. D'iarr an t-iarratasóir go ndearbhódh Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) go bhfuil Airteagail 18bis agus 18ter de Rialacháin SAI neamhdhleathach a mhéid a sháraíonn siad dlí an Aontais agus ECHR, rud as a n-eascraíonn, dar leis, dliteanas ó FIFA.

28. Eisíodh dámhachtain eadrána CES agus breithiúnas an Tribunal fédérale (Chúirt Uachtarach na Cónaidhme) lena ndíbhtear don chaingean le haghaidh neamhniú na dámhachtana sin ag an iarratasóir, a luaitear i míreanna 19 go 21 thuas, araon fad a bhí an nós imeachta achomhairc ar feitheamh. Bhí tionchar aige seo ar bhreithiúnas Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) mar a leanas.

29. Chinn Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil), an 12 Nollaig 2019, go leanann sé ón dlí náisiúnta go bhfuil feidhm *res judicata* ag dámhachtain eadrána ón dáta a sheachadtar í gan gá le nós imeachta *exequatur* roimh ré. Mheas sí go raibh dámhachtain CES críochnaitheach agus fuair sí feidhm *res judicata* tar éis don Tribunal fédéral (Chúirt Uachtarach na Cónaidhme) an chaingean le haghaidh neamhniú a dhíbhe an 20 Feabhra 2018.

30. Mar a mhínítear san ordú tarchuir, faoi Airteagal 22(1) den Loi portant le Code de droit international privé (Cód na Beilge um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach), aithnítear aon bhreithiúnas eachtrach atá in-fhorfheidhmithe sa Stát inar tugadh é *de jure* sa Bheilg gan aon nós imeachta. Mar sin, cheangail Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) feidhm *res judicata* le breithiúnas an 20 Feabhra 2018 ón Tribunal fédéral (Cúirt Uachtarach na Cónaidhme), rud a chuir cosc ar an iarratasóir a bheith in ann agóid a dhéanamh os comhair Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) faoi bhailíocht dhámhachtain CES.

31. Réitíonn an dámhachtain sin, i measc nithe eile, an cheist atá faoi dhíospóid maidir le comhoiriúnacht rialacha nua na Rialacháin SAI le dlí an Aontais. Mar gheall air sin, cuirtear cosc ar Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) cinneadh a dhéanamh maidir leis na sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhlí an Aontais, agus, dá bhrí sin, na ceisteanna sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

32. Dhiúltaigh Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) na forais achomhairc, lena líomhnaítear sárú ar dhlí an Aontais agus ar na cearta a ráthaítear le ECHR, toisc iad a bheith neamh-inghlactha nó gan bhunús. Chinn sé freisin go raibh pléadáil

[9] Dá bhrí sin, taisceadh an t-achomharc sin tar éis don iarratasóir achomharc a chur isteach roimh CES, ach sular eisigh CES an dámhachtain eadrána.

neamhdhleathachta na mbeart araíonachta a fuarthas ó chineál éigeantach na headrána gan bhunús, toisc nach ndearna aon cheann de na páirtithe sa nós imeachta eadrána agóid i gcoinne dhlínse CES.

33. Dá bhrí sin, leis an mbreithiúnas a thug Cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil) an 12 Nollaig 2019, dhiúltaigh sé don achomharc i gcoinne bhreithiúnas Tribunal de commerce francophone de Bruxelles (Cúirt Tráchtála na Bruiséile (ina labhraítear Fraincis)) an 17 Samhain 2016 agus chinn sé nach raibh bunús leis na héilimh a chuir Royal Football Club Seraing faoina bhráid.

34. Rinne Royal Football Club Seraing achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg).

III. Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

35. Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 19(1) [CAE], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 [CFAE] agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh [("an Chairt")], ar chur i bhfeidhm forálacha dlí náisiúnta amhail Airteagal 24 agus 171[3](9) den Code judiciaire (Cód Breithiúnach na Beilge) lena bhféachtar le héifeacht a thabhairt don phrionsabal *res judicata*, maidir le dámhachtain eadrána, arbh í a dhearna an grinnscrúdú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh ná cúirt Stáit nach Ballstát an Aontais é, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur le haghaidh réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?

(2) An gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 19(1) [CAE], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 [CFAE] agus Airteagal 47 den [Chairt], ar chur i bhfeidhm riail dlí náisiúnta lena ndéantar go bhfuil ag dámhachtain eadrána ualach cruthúnais i ndáil le tríú páirtithe, mura bhfuil aon fhianaise ann dá mhalairt a dhlitear orthu a sholáthar, arbh í a dhearna an grinnscrúdú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh ná cúirt Stáit nach Ballstát an Aontais é, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur le haghaidh réamhrialú chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?'

36. Chuir Royal Football Seraing, Doyen Sports, FIFA, URBSFA, UEFA, Rialtais na Beilge, na Gearmáine, na Fraince agus na Liotuáine agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

37. Tionóladh éisteacht an 1 Deireadh Fómhair 2024 inar chuir Royal Football Club Seraing, Doyen Sports, FIFA, URBSFA, UEFA, Rialtais na Beilge, na Gréige, na Fraince, na Liotuáine agus na hÍsiltíre agus an Coimisiún Eorpach argóint ó bhéal i láthair.

IV. Anailís

38. Ar mhaithe le maith nó olc (chun leanúint ar aghaidh de mheon an tsleachta oscailte),[10] eagraítear an spórt inniu mar chóras uathrialach ina bhfeidhmíonn eagraíochtaí spóirt, a mbíonn tionchar agus saibhreas acu uaireanta, cumhachtaí rialála.[11] Is cinnte gurb amhlaidh atá sa sacar, le FIFA mar a phríomheagraíocht rialála. Chun páirt a ghlacadh, ní mór do chlubanna agus do lúthchleasaithe na rialacha a achtaíonn FIFA a leanúint.

39. Ag an am céanna, is gníomhaíocht eacnamaíoch é an spórt. Dá bhrí sin, tá cleachtadh an spóirt faoi réir fhorálacha dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin.[12] Chinn an Chúirt go bhfuil an spórt faoi réir rialacha saorghluaiseachta, dhlí na hiomaíochta, agus phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, ina measc go háirithe prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe.[13]

40. Éilítear le Reachtanna FIFA go réiteofar aon díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir lena rialacha spóirt trína chóras réitigh díospóidí féin, a ainmníonn CES mar an comhlacht achomhairc eisiach agus éigeantach.

41. Mar sin féin, nuair a d'fhéadfadh riail FIFA, nó cinneadh bunaithe ar riail den sórt sin, sárú a dhéanamh ar cheart duine aonair bunaithe ar dhlí an Aontais, bronnann córas bunreachtúil an Aontais Eorpaigh an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach ar an duine aonair sin, a chuirtear in iúl inniu in Airteagal 47 den Chairt.

42. Faoi Airteagal 19(1) CAE, a bhfuil a léiriú iarrtha ag an gcúirt a rinne an tarchur, tá oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an ceart bunúsach seo ag daoine is ábhar do dhlí an Aontais i ndáiríre.[14] Ciallaíonn sé sin nach mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag duine

[10] Féach freisin, ina leith sin, Maduro, M.P. agus Weiler, J.H.H., '"Integrity", "independence" and the internal reform of FIFA: A view from the trenches', in Geeraert, A. agus van Ekeren, F. (eag.), *Good Governance in Sport – Critical Reflections*, Routledge, 2022, lgh. 129 go 136.

[11] I gcás le déanaí, dúirt an tAbhcóide Ginearálta Szpunar '[…] is deacair a shéanadh go minic go ngníomhaíonn eintitis phríobháideacha áirithe ar bhealach atá gar do Stát, trí chumhacht eacnamaíoch a bheith acu nó mar gheall ar an gcaoi a n-achtaíonn siad "rialacha" …'. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:375, pointe 33). Mar thoradh air sin tháinig sé ar an tátal go bhfuil FIFA faoi réir na rialacha maidir le saorghluaiseacht. I léiriú eile ar a ról amhail Stát agus cumhacht rialála, in 2017 d'fhoilsigh FIFA a Bheartas um Chearta an Duine féin. Chun measúnú a fháil ar a rath measctha, féach Mercado Jaén, P.J., Bistaraki, A. agus Schubert, M., 'Between rhetoric and reality: Effects of FIFA's human rights policy on its organisational structures and procedures', *International Journal of Sport Policy and Politics*, Iml. 16(3), 2024, lch. 499.

[12] Mheas an Chúirt gurb amhlaidh a bhí chomh fada ó shin le breithiúnas an 12 Nollaig 1974, *Walrave agus Koch* (36/74, EU:C:1974:140, mír 4). Féach breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:824, mír 75), agus an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company* (C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 83).

[13] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company* (C-333/21, EU:C:2023:1011, míreanna 85 go 88).

[14] Breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, mír 34). Féach, freisin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht cinntí cúirte bunreachtúla)* (C-430/21, EU:C:2022:99, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

aonair a mhaíonn go sáraítear a cheart nó a ceart atá bunaithe san Aontais [15] ar chúirt neamhspleách arna bunú roimhe sin le dlí, [16] agus go mbeidh an chumhacht aige nó aici tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt faoi Airteagal 267 CFAE. [17]

43. Dá bhrí sin, ní mór do chúirt a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'cúirt nó binse' faoi Airteagal 267 CFAE cosaint bhreithiúnach ar chearta atá bunaithe san Aontas a líomhnaítear a bheith sáraithe ag rialacha FIFA, agus a dheimhnítear le dámhachtain CES a bheith bailí, a áirithiú.

44. Ní cúirteanna den sórt sin iad CES, ná Binse Chónaidhme na hEilvéise a bhfuil dlínse aige athbhreithniú a dhéanamh ar a dhámhachtainí. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann a measúnú ar chomhoiriúnacht rialacha FIFA le cearta atá bunaithe san Aontas an ceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach i ndlí an Aontais.

45. Tugann sé seo go dtí an cás faoi láthair muid. Eascraíonn sé as an díospóid os comhair 'cúirte nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

46. Os comhair chúirteanna na Beilge, mhaígh na páirtithe gur chuir cosc FIFA ar TPO cosc orthu leas a bhaint as na cearta a dheonaítear dóibh le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, d'iarr siad dearbhú maidir le neamh-chomhoiriúnacht na rialacha FIFA sin le dlí an Aontais, dearbhú a dheimhnigh CES idir an dá linn go raibh sé bailí, agus d'iarr siad go ndéanfaí an damáiste a rinneadh mar gheall air sin a chúiteamh.

47. Tá go maith go dtí seo. D'fhéadfaí a bhaint de thátal as an méid thuas go raibh rochtain ag na páirtithe ar chúirt a raibh sé de chumhacht aici tarchur a dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfaí prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a shárú toisc gur cuireadh bac ar na cúirteanna inniúla leigheas éifeachtach a sholáthar mar gheall ar riail maidir leis an dlí náisiúnta (an Bheilg), ar dá réir a bhfuil feidhm *res judicata* ag dámhachtainí CES, arna ndeimhniú ag Binse Chónaidhme na hEilvéise. Cuirtear cosc leis an riail sin, a mhínítear, orthu athbhreithniú a dhéanamh, sa chás atá idir lámha, ar chomhoiriúnacht rialacha FIFA le dlí an Aontais.

48. An gcuirtear bac ar riail den sórt sin le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí?

49. Dar liom, is cosúil gurbh amhlaidh an cás anseo go simplí.

50. Mar sin féin, ardaíodh ceist níos ginearálta leis na barúlacha i scríbhinn agus leis an bplé ag an éisteacht: an gceanglaítear le dlí an Aontais leigheas sonrach atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chur ar fáil i gcás ina bhfuil dámhachtainí eadrána sa spórt i gceist? Dá bhrí sin, pléifidh mé an t-ábhar sin go hachomair freisin.

[15] Mar a chinn an Chúirt ó bhreithiúnas an 15 Bealtaine 1986 i leith, *Johnston* (222/84, EU:C:1986:206, míreanna 18 go 19).

[16] An ceanglas nach mór do chúirt nó do bhinse a bheith neamhspleách, féach breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (*Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí*) (C-619/18, EU:C:2019:531, míreanna 57 agus 58, 71 go 77); maidir leis an gceanglas go mbunófaí cúirt roimh ré le dlí, féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 126 go 130).

[17] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi* (C-561/19, EU:C:2021:799, mír 51), inar bhraith an Chúirt ar Airteagal 47 den Chairt chun údar a thabhairt le dualgas na gcúirteanna céime deiridh cúiseanna a lua cén fáth ar chinn siad gan tagairt a dhéanamh. Léiríonn sé seo go bhfeiceann an Chúirt an réamhnós imeachta tagartha i bhfeidhmiú prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a bhaint amach. Féach freisin breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir*) (C-564/19, EU:C:2021:949, mír 76), inar mheas an Chúirt 'go mbeadh sé d'éifeacht ag teorainneacha ar fheidhmiú na dlínse a thugtar dóibh le hAirteagal 267 CFAE ag cúirteanna náisiúnta srian a chur le cosaint bhreithiúnach éifeachtach na gceart a dhíorthaíonn daoine aonair ó dhlí an Aontais'.

51. Seo a leanas struchtúr m'anailíse. Míneoidh mé ar dtús eagrú shásra FIFA um réiteach díospóidí (Roinn A). Tabharfaidh mé mo thuairim ansin ar an gcaoi ar cheart an dá cheist a tharchuirtear a fhreagairt (Roinn B agus Roinn C), agus béim á leagan ar an gcéad cheist.

A. Maidir le CES faoi Reachtanna FIFA

52. In 1981, chuir Juan Antonio Samaranch, Uachtarán an Choiste Oilimpigh Idirnáisiúnta (COI) ag an am, an smaoineamh maidir le dlínse a bhaineann go sonrach le spórt chun cinn. Tháinig CES i bhfeidhm in 1984, tar éis don COI a reachtanna a dhaingniú. Líomhnaítear go raibh súil ag Uachtarán COI Samaranch go ndéanfaí 'cúirt uachtarach spóirt an domhain' de CES.[18] Luaitear ar shuíomh gréasáin CES, ar a gcuirtear an stair sin i láthair, 'nár cheart dlínse CES a fhorchur ar lúthchleasaithe ná ar chónaidhmeanna ar bhealach ar bith, ach go mbeadh sí ar fáil gan bhac do na páirtithe'.[19]

53. Ar dtús, ní dheachaigh formhór na n-eagraíochtaí spóirt, FIFA san áireamh, i muinín CES.[20] Mar sin féin, tá go leor athraithe ó 1984.

54. Insíonn scoláirí dhlí an Aontais Eorpaigh scéal an athraithe shuntasaigh a tháinig ar CES tar éis bhreithiúnas *Bosman* ón gCúirt in 1995.[21] Tháinig ardú mór ar líon na ndámhachtainí eadrána CES tar éis 1995. Dá bhrí sin, in ainneoin drogall tosaigh, chuir FIFA clásal eadrána san áireamh ina Reachtanna, ag ainmniú CES mar an fóram inniúil le haghaidh díospóidí den sórt sin. Ar dtús, bhí dlínse CES maidir le díospóidí i réimse an tsacair roghnach.[22]

55. Sa lá atá inniu ann, áfach, tá dlínse CES sa sacar, mar a fhoráiltear leis na Reachtanna FIFA, eisiach agus éigeantach.

56. Aithníonn Airteagal 57(1) de Reachtanna FIFA dlínse CES chun díospóidí a réiteach idir FIFA, a chumainn ball, cónaidhmeanna, sraitheanna, clubanna, imreoirí, oifigigh, idirghabhálaithe, agus gníomhairí cluichí ceadúnaithe.

57. Féadfar achomharc, nach mbeidh éifeacht fionraíochta leis, a thabhairt os comhair CES i gcoinne cinntí críochnaitheacha arna n-eisiúint ag comhlachtaí FIFA agus in aghaidh cinntí arna nglacadh ag cónaidhmeanna, cumainn ball nó sraitheanna.[23] Ní mór iad a thaisceadh le CES laistigh de 21 lá tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina choinne, agus ní fhéadfar iad a thaisceadh ach amháin tar éis gach bealach inmheánach eile a bheith ídithe.[24]

[18] McLaren, R.H., 'Twenty-five years of the Court of Arbitration for Sport: A look in the rear-view mirror', *Marquette Sports Law Review*, Iml. 20, 2010, lch. 305, ag lch. 306.

[19] Ar fáil anseo: https://www.tas-cas.org/en/general-information/history-of-the-cas.html.

[20] Nafziger, J.A.R., 'International sports law: A replay of characteristics and trends', *American Journal of International Law*, Iml. 86, 1992, lch. 489, ag lch. 508.

[21] Breithiúnas an 15 Nollaig 1995, *Bosman* (C-415/93, EU:C:1995:463). Féach, ina leith sin, Duval, A., 'The Court of Arbitration for Sport and EU law: Chronicle of an encounter', *Maastricht Journal of European and Comparative Law*, Iml. 22(2) 2015, lch. 224, ag lch. 226.

[22] Mhínigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) in *Mutu agus Pechstein* nár chuir rialacha FIFA ó 2001 cosc ar rochtain imreoirí ar ghnáthchúirteanna, agus dá bhrí sin nárbh ionann iad agus eadráin éigeantach. ECtHR, 4 Feabhra 2019, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 116.

[23] Féach Airteagal 58(1) de na Reachtanna FIFA. Leis an bhforáil chéanna, ina tríú fomhír, eisiatar, áfach, dlínse CES in achomhairc a bhaineann le (a) sáruithe ar dhlíthe an chluiche; (b) fionraí suas le 4 chluiche nó suas le 3 mhí (le heisceacht cinntí dópála); agus (c) cinntí a bhféadfar achomharc a dhéanamh ina n-aghaidh chuig binse eadrána neamhspleách arna chomhdhéanamh go cuí, ar achomharc é a aithnítear faoi rialacha cumainn nó cónaidhme.

[24] Airteagal 58(1) agus (2) de Reachtanna FIFA.

58. Ar deireadh, foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 59 de Reachtanna FIFA:

‘1. Comhaontóidh na cónaidhmeanna, na cumainn ball agus na sraitheanna go n-aithneoidh siad CES mar údarás breithiúnach neamhspleách agus go n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh a mbaill, a n-imreoirí comhcheangailte agus a n-oifigigh na cinntí arna nglacadh ag CES. Beidh feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le hidirghabhálaithe agus gníomhairí ceadúnaithe cluiche.

2. Tá cosc ar dhul i muinín gnáthchúirteanna dlí mura bhforáiltear go sonrach dó i rialacháin FIFA. Tá cosc freisin ar dhul i muinín na ngnáthchúirteanna dlí le haghaidh gach cineáil beart sealadach.

3. Cuirfidh na cumainn clásal ina reachtanna nó ina rialacháin, lena sonrófar go bhfuil cosc ar dhíospóidí sa chomhlachas nó ar dhíospóidí a dhéanann difear do shraitheanna, do bhaill de shraitheanna, do chlubanna, do bhaill de chlubanna, d’imreoirí, d’oifigigh agus d’oifigigh chumainn eile a ghlacadh chuig gnáthchúirteanna dlí, mura bhforáiltear go sonrach le rialacháin FIFA nó le forálacha dlíthiúla ceangailteacha do dhul ar iontaoibh gnáthchúirteanna dlí nó mura sonraítear amhlaidh. In ionad dul ar iontaoibh gnáthchúirteanna dlí, déanfar socrú le haghaidh eadrána. Tabharfar díospóidí den sórt sin chuig binse eadrána neamhspleách arna chomhdhéanamh go cuí agus a aithnítear faoi rialacha an chumainn nó na cónaidhme nó chuig CES.

Áiritheoidh na cumainn freisin go gcuirfear an coinníoll sin chun feidhme sa chumann, trí oibleagáid cheangailteach a fhorchur ar a bhaill más gá. Forchuirfidh na cumainn smachtbhannaí ar aon pháirtí nach n-urramóidh an oibleagáid sin agus áiritheoidh siad go gcuirfear aon achomharc i gcoinne na smachtbhannaí sin chun eadrána go docht ar an gcaoi chéanna, agus ní chun gnáthchúirteanna dlí.’

59. Dá bhrí sin, mar is amhlaidh freisin i gcás chóras eadrána an International Skating Union (Aontas Idirnáisiúnta Scátála, ‘ISU’),[25] tá sé éigeantach aighneas sacair faoi rialacha FIFA a thabhairt os comhair CES agus tá a dhlínse eisiach. Go deimhin, agus an dlínse eisiach sin á hagairt aige, chuir FIFA i gcoinne dhlínse na cúirte céadchéime sna príomhimeachtaí.[26]

60. Is é Binse Chónaidhme na hEilvéise an t-aon ghnáthchúirt a cheadaítear athbhreithniú a dhéanamh ar an dámhachtain eadrána arna cinneadh ag CES. Tá na forais le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtainí eadrána ag an gcúirt sin teoranta, áfach.[27] In *Semenya* v *an Eilvéis*, chinn ECtHR go raibh an t-athbhreithniú ar dhámhachtain CES a rinne Binse Chónaidhme na hEilvéise chomh teoranta sin nach raibh sé in ann cosaint cearta bunúsacha a chinntiú.[28]

[25] Féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 223).

[26] Rinne FIFA an rud céanna sna príomhimeachtaí as ar tháinig an tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *FIFA* (C-650/22, EU:C:2024:824, mír 32).

[27] Foráiltear na forais sin in Airteagal 190 den Loi fédérale sur le droit international privé (Acht Chónaidhme na hEilvéise ar an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach), le fáil ag https://www.fedlex.admin.ch/eli/cc/1988/1776_1776_1776/en. Féadfaidh an chúirt sin dámhachtain eadrána a chur ar leataobh nuair atá sí contrártha le beartas poiblí, mar a thuigtear i ndlí na hEilvéise.

[28] ECtHR, 11 Iúil 2023, *Semenya* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2023:0711JUD001093421, §§ 234 go 240.

B. An chéad cheist

61. Sa chéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcuirtear cosc le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí ar dhlí náisiúnta lena ndeonaítear feidhm *res judicata* ar dhámhachtain eadrána, i gcás ina ndearna cúirt tríú tír athbhreithniú ar chomhréireacht le dlí an Aontais. [29]

62. Ní hé seo an chéad uair a iarradh ar an gCúirt léiriú a thabhairt ar an ngaol idir eadráin agus dlí an Aontais agus méid an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar dhámhachtainí eadrána. Ar an gcúis sin, rinne na rannpháirtithe uile sa nós imeachta os comhair na Cúirte iarracht na freagraí ar an gcás seo a fháil ó líne amháin nó ó líne eile de chásdlí na Cúirte maidir le headráin. Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, phléigh siad cásdlí *Nordsee* [30] agus *Eco Swiss*, [31] agus, ar an taobh eile, an breithiúnas in *Achmea*. [32]

63. Tar éis anailís a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfaidh nó nach bhféadfadh an dá líne dlí-eolaíocht sin a bheith ábhartha do chóras eadrána FIFA (Fo-ailt 1 agus 2), molfaidh mé go bhforbróidh an Chúirt léiriú sonrach a bheidh oiriúnach don eadráin éigeantach, amhail an ceann a dhéanfadh CES i gcóras réitigh díospóide FIFA. Dar liomsa, moladh an réiteach sin cheana féin in *International Skating Union* [33] (Fo-alt 3).

1. Infheidhmeacht chásdlí Nordsee/Eco Swiss

64. Mhaígh FIFA, UEFA agus Rialtais na Beilge, na Fraince agus na Liotuáine, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, [34] go bhféadfadh cúirteanna náisiúnta dámhachtainí CES lena ndeimhnítear bailíocht rialacha FIFA a rialú i leith bheartas poiblí an Aontais, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte in *Eco Swiss*.

65. Chun a thabhairt chun cuimhne, cuireadh tús leis an líne cásdlí sin le *Nordsee*, inar mheas an Chúirt nach ‘cúirt nó binse’ é binse eadrána a chinneann eadráin tráchtála, arna dhéanamh go deonach ag na páirtithe, de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. [35]

66. Fiú i gcás ina bhféadfadh sé go gceanglófaí ar bhinse eadrána den sórt sin dlí an Aontais a chur i bhfeidhm gan an fhéidearthacht réamhthagairt a chur isteach, níor aimsigh an Chúirt aon fhadhb, toisc go bhféadfaí a dhámhachtainí eadrána a athbhreithniú i nósanna imeachta éagsúla

[29] Ina mbarúlacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, d’áitigh Rialtas na Beilge gur thíolaic an chúirt a rinne an tarchur an dlí náisiúnta go mícheart agus go gceadaítear leis an dlí atá i gceist athbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtain eadrána i gcás ina bhfuil athbhreithniú breithiúnach déanta ag cúirt tríú tír. Ní dóigh liom go bhfuil an cheist a cuireadh ag brath ar léiriú ceart dhlí na Beilge, ach ar dhlí an Aontais. Is faoin gcúirt náisiúnta ansin atá sé, a luaithe a gheobhaidh sí an freagra ón gCúirt Bhreithiúnais, é a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás atá os a comhair agus an dlí náisiúnta ábhartha a léiriú dá réir.

[30] Breithiúnas an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107).

[31] Breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss* (C-126/97, EU:C:1999:269).

[32] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158).

[33] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012).

[34] D’áitigh Rialtas na Fraince ag an éisteacht nach mbaineann eadráin CES ach le headráin tráchtála de réir bhrí *Eco Swiss*. Cé nach raibh na heagraíochtaí sacair chomh sainráite céanna, d’áitigh siad go léir gur cheart dámhachtainí eadrána CES a bheith faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach sa bhreithiúnas sin.

[35] Breithiúnas an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107, mír 13). Maidir le litríocht a cháineann an toradh sin, féach Duval, A., (fonóta 21 thuas), fonóta 31. Chinn an Chúirt freisin go gcomhlíonann roinnt binsí eadrána an caighdeán sin, i gcás inar bunaíodh le dlí iad, a raibh a gcinntí ina gceangal ar na páirtithe agus nach raibh a ndlínse ag brath ar a gcomhaontú. Féach, mar shampla, breithiúnais an 17 Deireadh Fómhair 1989, *Handels- og Kontorfunktionærernes Forbund i Danmark* (109/88, EU:C:1989:383, míreanna 7 go 9); an 12 Meitheamh 2014, *Ascendi Beiras Litoral e Alta, Auto Estradas das Beiras Litoral e Alta* (C-377/13, EU:C:2014:1754, míreanna 22 go 35); ordú an 13 Feabhra 2014, *Merck Canada* (C-555/13, EU:C:2014:92, míreanna 16 go 18).

os comhair chúirteanna na mBallstát faoin dlí náisiúnta.[36] Go háirithe, níl dámhachtainí eadrána infhorfheidhmithe iontu féin, ach ní mór dóibh *exequatur* a fháil ar dtús ó 'ghnáthchúirt'. I nós imeachta den sórt sin, bheadh an deis ag na cúirteanna náisiúnta sin, nó an oibleagáid orthu, ceist an léirithe ar dhlí an Aontais a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

67. D'eascair an díospóid in *EcoSwiss* as nós imeachta forfheidhmithe amháin den sórt sin maidir le dámhachtain eadrána os comhair na cúirte náisiúnta. Sa bhreithiúnas in *Eco Swiss*, ghlac an Chúirt leis go bhféadfadh raon feidhme teoranta an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bheith chun leasa imeachtaí eadrána éifeachtúla.[37] Dá bhrí sin, measadh go raibh riail náisiúnta lena dteorannaítear athbhreithniú breithiúnach do shaincheisteanna beartais phoiblí inghlactha ó thaobh dhlí an Aontais de. Sa chás céanna, shonraigh an Chúirt go raibh Airteagail 101 agus 102 CFAE an lae inniu san áireamh i mbeartas poiblí an Aontais.[38]

68. Níor míníodh ar bhealach ginearálta go fóill an rud atá nó nach bhfuil i gceist le beartas poiblí an Aontais.[39] Ina ionad sin, d'fhreagair an Chúirt an cheist sin ar bhonn cás ar chás.[40] Mar sin féin, níl gá le léiriú ar an gcoincheap sin sa chás seo. Is é an rud atá tábhachtach, maidir le headráin tráchtála, gur ghlac an Chúirt leis go bhféadfadh teorainn a chur le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar dhámhachtainí eadrána.[41]

69. Cé chomh mór agus atá an líne cásdlí roimhe seo infheidhme maidir le headráin CES faoi Reachtanna FIFA?

70. I mo thuairimse, tá dhá phríomhchúis ann lena ndéantar idirdhealú idir é agus eadráin tráchtála.

71. Baineann an chéad cheann le cineál deonach na headrána tráchtála seachas cineál éigeantach rialacha eadrána FIFA.

72. Gné riachtanach d'eadráin tráchtála, a bhí i gceist i líne chásdlí *EcoSwiss*, is ea saorghlacadh an chlásail eadrána ag an dá pháirtí.[42] Trí eadráin den sórt sin a roghnú go deonach, tá sé beartaithe ag na páirtithe rannpháirtíocht gnáthchúirteanna a eisiamh agus b'fhéidir cur i bhfeidhm roinnt rialacha de chóras dlí. Chuir an Chúirt cineál agus cuspóir na headrána in ábhair thráchtála san áireamh, agus dá bhrí sin tháinig sí ar an gconclúid go bhféadfadh athbhreithniú breithiúnach ar

[36] Mhínigh an Chúirt mar sin féadfar iarraidh ar na gnáthchúirteanna [ceisteanna dhlí an AE] a scrúdú i gcomhthéacs a gcomhoibrithe le binsí eadrána […] le linn athbhreithniú ar dhámhachtain eadrána […] in imeachtaí ar chead chun forghníomhú a eisiúint nó trí aon mhodh sásaimh eile atá ar fáil faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha'. [Aistriúchán neamhoifigiúil] Breithiúnas an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107, mír 14).

[37] Breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss* (C-126/97, EU:C:1999:269, mír 35).

[38] Breithiúnas an 1 Meitheamh 1999, *Eco Swiss* (C-126/97, EU:C:1999:269, mír 36).

[39] Chun forléargas a fháil ar an gcásdlí maidir leis an mbeartas poiblí i ndlí an Aontais, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *Real Madrid Club de Fútbol* (C-633/22, EU:C:2024:127, míreanna 71 go 103). Le haghaidh léirmheas luath ar an oibleagáid atá ar chúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas poiblí an Aontais, nach bhfuil a inneachar soiléir, féach Prechal, S. agus Shelkoplyas, N.,'National procedures, public policy and EC law. From Van Schijndel to Eco Swiss and beyond', *European Review of Private Law*, Iml. 12(5), 2004, lch. 589, ag lgh. 606 go 608.

[40] Sa bhreithiúnas uaithi an 26 Deireadh Fómhair 2006, *Mostaza Claro* (C-168/05, EU:C:2006:675, míreanna 35 agus 38), dheimhnigh an Chúirt go mbaineann an oibleagáid athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí éagóracha *ex officio* i gconarthaí tomhaltóirí leis an mbeartas poiblí.

[41] Féach freisin, i ndáil leis sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *PL Holdings* (C-109/20, EU:C:2021:321, míreanna 43 go 46).

[42] Breithiúnas an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107, mír 11). Féach freisin breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, mír 55), ina ndearna an Chúirt idirdhealú idir eadráin arna beartú ag conarthaí déthaobhacha infheistíochta agus eadráin tráchtála ar an mbonn go dtagann an eadráin sin ó mhianta sainráite na bpáirtithe. Féach freisin, breithiúnas an 12 Meitheamh 2014, *Ascendi Beiras Litoral e Alta, Auto Estradas das Beiras Litoral e Alta* (C-377/13, EU:C:2014:1754, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear), inar chinn an Chúirt nach bhfuil 'aon oibleagáid ar na páirtithe, i ndlí nó i bhfíoras, a gcuid díospóidí a chur faoi bhráid eadrána' [Aistriúchán neamhoifigiúil].

dhámhachtainí a eascraíonn as sin a bheith teoranta do shaincheisteanna beartais phoiblí. Is ann don ghá athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht dámhachtana le beartas poiblí toisc go bhféadfadh leas chomh poiblí sin a bheith ag baint leis na rialacha sin nach féidir a gcur i bhfeidhm a eisiamh le toil na bpáirtithe.

73. Os a choinne sin, mar a d'áitigh Rialtas na hÍsiltíre ag an éisteacht, tá rialacha FIFA éigeantach agus níl sé soiléir go bhfuil saorthoil ag na páirtithe díospóid a chur faoi bhráid CES. [43]

74. In *Mutu agus Pechstein*, phléigh ECtHR an cheist sin go beacht nuair a rinne sí anailís ar na difríochtaí idir eadráin tráchtála agus rialacha eadrána éigeantacha ISU. [44] Ní féidir le gníomhaithe spóirt an rogha a dhéanamh a ndíospóidí, ina ndéanann siad agóid i gcoinne rialacha nó cinntí FIFA, a chur faoi bhráid aon chóras breithiúnach eile ach faoi nósanna imeachta araíonachta inmheánacha FIFA agus ina dhiaidh sin chuig CES. Mura nglactar le dlínse éigeantach CES, cuirtear cosc ar imreoirí imirt [45] agus ar chlubanna dul san iomaíocht.

75. Dá bhrí sin, i gcás imreoirí agus clubanna, tá dlínse CES éigeantach agus ní roghnaítear é ar a saorthoil. [46] Dá bhrí sin, ní léiríonn sé a rogha féin chun rochtain ar chúirt a eisiamh agus chun infheidhmeacht rialacha dlíthiúla áirithe maidir leis an díospóid eatarthu a chosc. I mo thuairimse, tá iarmhairtí aige sin do raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar cheart do chúirteanna náisiúnta a bheith in ann a dhéanamh i ndáil le dlí an Aontais (féach Roinn IV.B.3(b) thíos).

76. Is é an dara difríocht idir eadráin tráchtála agus an córas réitigh díospóidí faoi Reachtanna FIFA ná neamhspleáchas an chórais deiridh sin i dtéarmaí forfheidhmithe.

77. Má dhiúltaíonn ceann de na páirtithe in eadráin tráchtála dámhachtain eadrána a chur i bhfeidhm, beidh ar an bpáirtí eile dul chuig na gnáthchúirteanna chun í a fhorghníomhú. Mar a mhínigh an Chúirt in *Nordsee* (féach míreanna 65 agus 66 den Tuairim seo), nuair is gá forghníomhú laistigh den Aontas Eorpach, beidh an deis ag cúirt Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht na dámhachtana eadrána le dlí an Aontais agus, más gá, réamhthagairt a thíolacadh don Chúirt.

78. I gcodarsnacht leis sin, má dhiúltaíonn páirtí dámhachtain CES a chur i bhfeidhm toisc go measann sé go bhfuil dlí an Aontais á shárú aige, ní féidir leis diúltú géilleadh dá leithéid de dhámhachtain, agus ní gá do FIFA nós imeachta forghníomhaithe a thionscnamh os comhair na

[43] Féach freisin, an míniú beoga a thug Paulsson: 'Is iondúil go leagtar síos dlínse eisiach na n-údarás spóirt i bhfodhlíthe na gcónaidhmeanna lena ndeonaítear ceadúnais chun dul san iomaíocht le linn séasúir nó chun ligean isteach chun páirt a ghlacadh in imeachtaí sonracha. Go ginearálta, tá an chónaidhm atá i gceist ann leis na deicheanna de bhlianta, mura bhfuil sé ann le haghaidh glúnta, agus d'fhorbair sí, gan aon tionchar seachtrach, nós imeachta atá a bheag nó a mhór casta agus go hiomlán ó dhúchas chun díospóidí a réiteach. Os a choinne sin, is minic a bhíonn ar rannpháirtí atá cúisithe aghaidh a thabhairt ar na himeachtaí mar go mbeadh hairicín i bhFidsí ar thurasóir: imeacht scanrúil scoite ina shaol, agus a bhfuil sé go hiomlán neamhullmhaithe dó.' Paulsson, J., (fonóta 2 thuas), 361.

[44] ECtHR, 4 Feabhra 2019, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, §§ 103 go 108.

[45] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 223). ECtHR, 4 Feabhra 2019, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 113.

[46] Go deimhin, chinn ECtHR, i gcomparáid le rialacha an ISU, nár chuir rialacha FIFA ó 2001 bac ar rochtain imreoirí ar ghnáthchúirteanna, agus mar sin nárbh ionann iad agus eadráin éigeantach Is cinnte go bhfuil an cás difriúil in Airteagal 59(2) de Reachtanna FIFA sa lá atá inniu ann, á ailíniú le rialacha ISU. ECtHR, 4 Feabhra 2019, *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis*, CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 116.

cúirte náisiúnta. Is féidir le FIFA an dámhachtain a fhorfheidhmiú leis féin. Go deimhin, sa chás seo, bhí sé in ann na pionóis agus an cosc ar chlárú imreoirí a fhorfheidhmiú gan dul i muinín cúirte. [47]

79. I gcóras féin-fhorfheidhmithe den sórt sin, ní dócha go dtiocfaidh ceist chomhoiriúnacht na dámhachtana eadrána le dlí an Aontais ar 'chúirt nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE in imeachtaí forghníomhaithe.

80. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach leor leigheasanna breithiúnacha a measadh a bheith leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus aonfhoirmeacht dhlí an Aontais a ráthú i gcomhthéacs eadráin tráchtála don chóras eadrána éigeantaí neamhspleáiche atá i gceist sa chás seo (féach, freisin, míreanna 111 go 114 thíos).

81. Ar an dá chúis sin, measaim nach bhfuil rialacha a forbraíodh le haghaidh eadráin tráchtála i líne chásdlí *Nordsee* agus *EcoSwiss* oiriúnach do chóras eadrána éigeantaí FIFA ag CES.

2. Infheidhmeacht chásdlí Achmea

82. D'agair Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports *Achmea* agus iad ag áitiú nach mór do dhámhachtainí eadrána arna n-eisiúint ag CES a bheith faoi réir fíor-athbhreithniú breithiúnach ag cúirt náisiúnta, nach mór di a bheith in ann ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

83. Ina bharúlacha i scríbhinn, bhí an Coimisiún ag brath freisin ar *Achmea* chun a mhaíomh nach mór do chúirteanna náisiúnta a bheith in ann rialú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar inéadránaíocht díospóide.

84. Chun a thabhairt chun cuimhne, in *Achmea*, dhiúltaigh an Chúirt an fhéidearthacht díospóidí a raibh baint ag na Ballstáit leo a chur faoi eadráin ar bhonn conarthaí déthaobhacha infheistíochta (CDInna). Le comhaontuithe den sórt sin, ghlac Ballstáit le dlínse a gcúirteanna féin a eisiamh i ndíospóidí idir infheisteoirí agus Stáit, cé go bhféadfadh baint a bheith ag díospóidí den sórt sin le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais. I bhfocail na Cúirte, d'eisiaigh na Ballstáit, dá bhrí sin, sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar dhlí an Aontais go hiomlán 'ón gcóras leigheasanna breithiúnacha a cheanglaítear orthu leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a bhunú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais'. [48]

85. Tuigim go bhfuil bunréasúnaíocht *Achmea* bunaithe go príomha ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí. [49] Má ghlactar le heisiamh díospóidí áirithe ó dhlínse chúirteanna na mBallstát, ní hamháin nach n-éiríonn leis cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú, seolann sé an teachtaireacht mhícheart freisin: go bhféadfadh sé nach mbeadh na cúirteanna sin neamhspleách ná neamhchlaonta a ndóthain chun díospóidí arna dtabhairt ag infheisteoirí i gcoinne Ballstát a chinneadh.

[47] Dheimhnigh FIFA ag an éisteacht go bhfuil a chumhachtaí bunaithe ar Airteagal 21 de Chód Araíonachta FIFA, atá ar fáil anseo: https://digitalhub.fifa.com/m/59dca8ae619101cf/original/FIFA-Disciplinary-Code-2023.pdf.

[48] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, mír 55).

[49] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, mír 34). Féach freisin, Centeno Huerta, S. agus Kuplewatzky, N., 'On *Achmea*, the autonomy of Union law, mutual trust and what lies ahead', *European Papers*, Iml. 4(1), 2019, lch. 61, ag lch. 65 go 68.

86. Braitheann cur i bhfeidhm dhlí an Aontais den chuid is mó ar mhuinín fhrithpháirteach i gcúirteanna na mBallstát. Ar an gcúis sin, agus chun léiriú aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais a áirithiú tríd an réamhnós imeachta tagartha,[50] fuarthas go raibh clásail eadrána i CDInna laistigh de na Ballstáit contrártha do dhlí an Aontais.

87. Comhthacaítear leis an tuiscint sin ar *Achmea* toisc, murab ionann agus eadráin tráchtála, *in Achmea*, nár thug an Chúirt aghaidh ar an gceist maidir le cibé an bhféadfadh athbhreithniú a dhéanfadh cúirteanna náisiúnta ina dhiaidh sin ar dhámhachtainí eadrána faoi CDInna an easpa cosaint bhreithiúnach éifeachtach a leigheas.[51] Níor mheas sé ach go raibh socruithe ginearálta lena n-eisiatar dlínse na gcúirteanna náisiúnta do-ghlactha. Dá bhrí sin, ní féidir argóintí Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports maidir leis an ngá atá le fíor-athbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtain eadrána (féach mír 82 den Tuairim seo) a bhunú ar *Achmea*.

88. Ar an gcaoi chéanna, in *PL Holdings*, chinn an Chúirt nach féidir neamhbhailíocht dámhachtain eadrána arna heisiúint faoi CDI a leigheas tríd an bpróiseas eadrána a athshainiú mar eadráin dheonach *ad hoc*, nó díreach toisc nár chuir an Ballstát i gcoinne bhailíocht an chlásail eadrána faoi CDI i nós imeachta eadrána nithiúil.[52]

89. Mar thoradh ar rialacha na Beilge is infheidhme maidir leis an díospóid atá idir lámha, mar aon le dlínse éigeantach CES faoi Reachtanna FIFA, déantar cúirteanna náisiúnta a eisiamh, ar bhealach comhchosúil, ó chosaint bhreithiúnach éifeachtach ar chearta a ráthaítear le dlí an Aontais do dhaoine aonair a áirithiú. Mar sin féin, ní dóigh liom gur leor é sin chun córas eadrána FIFA a chur i gcomparáid leis an gcineál dlínse eadrána atá i gceist in *Achmea*. Ní dóigh liom ach oiread go bhfuil an réasúnaíocht chéanna bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach infheidhme sa chás seo.

90. Tá trí chúis leis an idirdhealú sin. Ar an gcéad dul síos, ní cheistíonn an cás seo comhlíonadh phrionsabal chóras eadrána FIFA le dlí an Aontais.[53] Aontaíonn formhór na rannpháirtithe sna himeachtaí reatha go bhfuil eadráin sa spórt úsáideach. Ar an gcaoi chéanna, d'eisigh Parlaimint na hEorpa rún in 2012 maidir leis an Éirim Eorpach sa Spórt, inar aithníodh 'dlisteanacht na gcúirteanna spóirt chun díospóidí sa spórt a réiteach, fad is go n-urramaíonn siad cearta bunúsacha daoine chun triail chóir a fháil'.[54]

91. Dá bhrí sin, ní thagann saincheist maidir le neamh-inéadránaíocht fhéideartha chun cinn, mar a d'ardaigh an Coimisiún.

[50] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, míreanna 36 agus 37).

[51] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, míreanna 20, 52 agus 53).

[52] Breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *PL Holdings* (C-109/20, EU:C:2021:875, mír 54).

[53] Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil aon cháineadh ar CES sa litríocht. Mar shampla, cáintear é as an taifead fadhbach atá aige ar chearta an duine: 'Is féidir le headráin spóirt ag CES, fad is atá an t-ainm 'eadrána' uirthi, solúbthacht eadrána a úsáid chun ainliú timpeall ar éilimh chearta an duine.' Shahlaei, F., 'The collision between human rights and arbitration: The game of inconsistencies at the Court of Arbitration for Sport', *Arbitration International*, Iml. 40(2), 2024, lch. 169, ag lch. 203. Tarraingítear aird ar na contúirtí a bhaineann le CES maidir le cosaint bhreithiúnach ar bhonn níos leithne. I ndáil leis sin, féach Anderson, J., '"Taking sports out of the courts": Alternative dispute resolution and the international Court of Arbitration for Sport', *Journal of Legal Aspects of Sport*, Iml. 10, 2000, lch. 123. Ar deireadh, cáineadh CES freisin mar gheall ar easpa rannpháirtíochta cuí le dlí an Aontais. Féach, Duval, A., 'Towards a Transnational Solange: The Court of Arbitration for Sport and EU law' in Hörnle, T., Möllers, C. agus Wagner, G. (eag.), *Gerichte und ihre Äquivalente*, Nomos, 2020, lch. 33.

[54] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2012 maidir leis an ngné Eorpach den spórt (2011/2087(INI)) (IO 2013 C 239E, lch. 46). Mar thoradh ar an ráiteas sin, rinne Duval argóint ar son cur chuige cosúil le *Solange* sna cúirteanna náisiúnta agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar dhámhachtainí eadrána CES. Duval, A., (fonóta 53 thuas), lch. 42.

92. Ar an dara dul síos, ní eascraíonn dlínse éigeantach eisiach CES, atá faoi chonspóid sa chás seo, as comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag na Ballstáit nó eatarthu, ná as feidhmiú a gcumhachtaí poiblí. Ina ionad sin, eascraíonn sé as Reachtanna FIFA, eagraíocht phríobháideach. Níl na reachtanna sin ina gceangal ar na Ballstáit ná ní chuireann siad teorainn leo ar bhealach ar bith a mhéid a bhaineann siad le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú trína gcórais bhreithiúnacha. Dá bhrí sin, níor aontaigh na Ballstáit le haon eisiamh ar dhlínse a gcúirteanna.

93. Ar an tríú dul síos, labhraíonn *Achmea* leis na Ballstáit agus iarrann sé orthu deireadh a chur leis na hiarmhairtí díobhálacha a chruthaíonn clásail eadrána faoi CDInna do phrionsabal na muiníne frithpháirtí ina mbreithiúna.[55] D'fhéadfaí sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Féadfaidh na Ballstáit na comhaontuithe sin a athléiriú,[56] tarraingt siar astu,[57] nó gan aon éifeacht a thabhairt do dhámhachtainí eadrána atá bunaithe orthu.[58] Mar sin féin, fiú dá mheasfadh an Chúirt go bhfuil rialacha FIFA maidir le dlínse CES ar neamhréir, i bprionsabal, le dlí an Aontais (nach í an cheist a ardaítear sa chás seo í), is é an t-aon bhealach amháin a bheadh ag na Ballstáit chun éifeacht a thabhairt do chinneadh den sórt sin ná dá gcúirteanna gan dámhachtainí eadrána den sórt sin a aithint. Bheadh aon athrú ar an gcóras eadrána sa sacar ag brath gan amhras ar thoilteanas FIFA.

94. Dá bhrí sin, seachas an tábhacht a bhaineann le cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus aonfhoirmeacht dhlí an Aontais a athrá, is cosúil nach gcuireann *Achmea* luach le líne chásdlí *EcoSwiss* maidir leis na ceisteanna a ardaíodh sa chás seo. Dá bhrí sin, bhí an ceart ag FIFA a chur in iúl ag an éisteacht nár luaigh an Chúirt *Achmea* ina breithiúnas in *International Skating Union*, nuair a rinne sí anailís ar eadráin spóirt a bhain le CES.

3. Eadráin éigeantach spóirt a bhaineann le CES agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach

95. Mar a thug mé chun solais níos luaithe (féach Roinn IV.B.1), tá dhá dhifríocht thábhachtacha idir eadráin tráchtála agus eadráin spóirt a bhaineann le CES: an chéad cheann, a éigeantacht, agus an dara ceann, a nádúir féin-fhorfheidhmithe. Táim den tuairim go n-éilíonn na difríochtaí sin measúnú sonrach i bhfianaise phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, i ndáil leis an gceist maidir le rochtain ar chúirteanna agus raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh araon.

96. Ba é sin, i mo léamh ar an mbreithiúnas sin, a d'fhógair an Chúirt cheana féin in *International Skating Union*.[59] Sa chás sin, áfach, ní raibh baint ag an gCúirt le cumhachtaí ná le hoibleagáidí na gcúirteanna náisiúnta. Níor dhéileáil sí ach le tionchar rialacha ISU ar shárú dhlí na hiomaíochta.

[55] Maidir leis an gcaoi a bhfuil sé sin ag dul, féach Biondi, A. agus Sangiuolo, G., 'Three years after *Achmea*: What is said, what is unsaid, and what could follow', in Biondi, A. agus Sangiuolo, G. (eag.), *The EU and the Rule of Law in International Economic Relations – An Agenda for an Enhanced Dialogue*, Edward Elgar, 2021. Le haghaidh iarmhairtí os comhair binsí infheisteora-Stáit, féach Centeno Huerta, S. agus Kuplewatzky, N., (fonóta 49 thuas), lgh. 68 go 74.

[56] Breithiúnas an 18 Samhain 2003, *Budějovický Budvar* (C-216/01, EU:C:2003:618, mír 169).

[57] Breithiúnas an 18 Samhain 2003, *Budějovický Budvar* (C-216/01, EU:C:2003:618, mír 170). Rinne an tAontas Eorpach amhlaidh maidir leis an gConradh um Chairt Fuinnimh. Féach Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh (COM/2023/447 final), arna fhormheas ag an gComhairle an 7 Márta 2024; Cinneadh (AE) 2024/1638 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024 maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh ST 6509 2024 INIT (IO L 2024, lch. 1638).

[58] Mar a rinneadh in ordú an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus páirtithe eile* (C-333/19, EU:C:2022:749, mír 43).

[59] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012).

Mar sin féin, agus béim á cur ar nádúr éigeantach agus eisiach dhlínse CES mar chúis go raibh sárú dlí na hiomaíochta níos mó ag ISU,[60] is cosúil gur mhol an Chúirt go dteastaíonn cur chuige sonrach d'eadráin dá leithéid.

97. Ag éisteacht an cháis seo, d'iarr Rialtas na hÍsiltíre ar an gCúirt freisin cur chuige sonrach a ghlacadh maidir le headráin éigeantach, amhail d'eadráin spóirt faoi Reachtanna FIFA. Ceann de na cúiseanna a thairg sé go raibh cuireadh ann ná an gá atá leis an gcóras eadrána tráchtála a chaomhnú mar atá sé.

98. Aontaím. Má cheanglaítear le headráin éigeantach spóirt rialacha lena dtugtar rochtain níos flaithiúla ar an gceartas agus raon feidhme níos leithne athbhreithnithe chun na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an eadráin sin agus eadráin tráchtála a nglactar léi go deonach, i gcás nach bhféadfar dámhachtainí eadrána a athbhreithniú ach go heisceachtúil agus ar chúiseanna teoranta.

99. Dá bhrí sin, níor cheart cásdlí *EcoSwiss* a thrasuí go huathoibríoch chuig an measúnú ar eadráin éigeantach spóirt, amhail an ceann atá i gceist. Sa mhéid seo a leanas, déileálfaidh mé le rochtain ar chúirteanna (a) agus le raon feidhme athbhreithnithe (b) sa chomhthéacs seo.

(a) Rochtain ar chúirteanna

100. Is cinnte go laghdaíonn nádúr féin-fhorfheidhmithe dhámhachtainí CES i gcóras FIFA go mór an fhéidearthacht do chúirteanna náisiúnta cás a bhaineann le dámhachtain CES a urghabháil.

101. I gcás eadráin tráchtála, ní raibh ar an gCúirt déileáil leis an gceist maidir le rochtain ar chúirt, toisc gur glacadh leis go n-áiritheofaí rochtain, in aon chás, ag céim an fhorfheidhmithe.

102. Mar gheall ar nádúr féin-fhorfheidhmithe chóras eadrána FIFA, áfach, ardaítear an cheist maidir leis na leigheasanna breithiúnacha ar cheart do na Ballstáit a sholáthar chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú ar dhámhachtain CES a d'fhéadfadh cearta a ráthaítear le dlí an Aontais a shárú.

103. Pléadh an cheist sin i mbarúlacha i scríbhinn na bpáirtithe agus ag an éisteacht. Mar shampla, mheas an Coimisiún nach mór dúshlán díreach de chineál éigin a bheith ann a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtain CES. Chiallódh sé sin gur cheart caingean a bheith ar fáil, rud a d'fhágfadh dámhachtain a neamhniú agus dearbhú neamhbhailíochta maidir le rialacha FIFA a mheastar a sháraíonn dlí an Aontais. Bhí daoine eile, mar shampla FIFA, den tuairim nach bhfuil gá le gníomh díreach. Is leor dúshlán indíreach, amhail caingean le haghaidh damáistí.

104. I mo thuairimse, tá freagra tugtha ag an gCúirt cheana féin ar an gceist sin in *International Skating Union*. Ar an gcéad dul síos, mheas sí, i gcásanna ina bhforchuireann eagraíochtaí spóirt eadráin ar chlubanna agus ar imreoirí, go bhfuil an ceanglas go ndéanfadh na cúirteanna náisiúnta athbhreithniú breithiúnach 'fíor-riachtanach'.[61] Thairis sin, mhínigh sí nach féidir leis an bhfíoras go bhfuil duine i dteideal damáistí a lorg cúiteamh a dhéanamh as an easpa leighis

[60] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 228).

[61] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 193).

trína bhféadfaidh an duine sin a iarraidh, os comhair cúirt náisiúnta inniúla, go gcuirfí deireadh leis an iompar sin, nó, i gcás inar beart é, go ndéanfaí an beart sin a athbhreithniú agus a neamhniú. [62]

105. Dá bhrí sin, éilíonn prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí bealach breithiúnach díreach chun measúnú a dhéanamh agus, más gá, cosc a chur ar chur i bhfeidhm rialacha FIFA atá contrártha le dlí an Aontais. Ní féidir le dámhachtain eadrána a fhógraíonn comhlíonadh rialacha FIFA le dlí an Aontais bac a chur ar chumhacht cúirte náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht den sórt sin ina haonar, ag cur cheist léirithe dhlí an Aontais faoi bhráid na Cúirte más gá.

106. Dá bhrí sin, tá sé contrártha le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí feidhm *res judicata* a cheangal le dámhachtain eadrána i ndáil lena chinneadh nár sáraíodh dlí an Aontais.

107. Dá bhrí sin, ní mór riail náisiúnta amhail an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gceanglaítear feidhm *res judicata* le dámhachtain eadrána CES, a chur ar leataobh chun deis a thabhairt do chúirt náisiúnta a cumhacht athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar rialacha FIFA a fheidhmiú le dlí an Aontais. [63]

(b) Raon feidhme an athbhreithnithe

108. I mo thuairimse, ní leor athbhreithniú breithiúnach teoranta in eadráin tráchtála i gcomhthéacs chóras eadrána éigeantach agus eisiach FIFA.

109. Insíonn cásdlí *Eco Swiss* dúinn go bhféadfadh raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bheith teoranta do shaincheisteanna beartais phoiblí. Fiú mura bhfuil brí agus raon feidhme beacht bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh socraithe go soiléir, ní cosúil go mbaineann sé le rialacha uile dhlí an Aontais, ach leis na rialacha sin a bhfuil tábhacht phoiblí níos airde ag baint leo amháin.

110. Mar sin ní gá go mbaineann rialú beartais phoiblí le gach riail de dhlí an Aontais lena dtugtar ceart do dhuine aonair.

111. Tá sé sin inghlactha in eadráin tráchtála, toisc go bhféadfaí a mheas go ndearna na páirtithe cur i bhfeidhm roinnt rialacha de chóras dlí a eisiamh go deonach, ach nach bhféadfaidís rialacha an bheartais phoiblí a eisiamh.

112. Mar sin féin, in eadráin éigeantach, amhail eadráin CES faoi Reachtanna FIFA, ní roghnaíonn na páirtithe ar a dtoil chun cur i bhfeidhm roinnt rialacha de chuid an Aontais a eisiamh maidir lena gcás.

113. Dá bhrí sin, ní féidir na cúiseanna lena dtugtar údar le raon feidhme teoranta athbhreithnithe bhreithiúnaigh in eadráin tráchtála a chur i bhfeidhm go héasca maidir le headráin éigeantach.

[62] Breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2023:1012, mír 201).

[63] D'áitigh FIFA, UEFA agus an URBSFA go raibh go leor bealaí breithiúnacha ar fáil do Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports sa Bheilg, mar is léir ó imeachtaí breithiúnacha eile a tionscnaíodh i gcomhthráth leis na príomhimeachtaí sa chás seo (ar nós roinnt gníomhartha os comhair Tribunal de première instance de Liège (Cúirt Chéadchéime, Liège, an Bheilg)). Ní luaitear san argóint sin inti féin aon rud faoi neamh-chomhoiriúnacht na rialach maidir le *res judicata* leis an gceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach sa nós imeachta as ar eascair an tagairt sin. Ní mór gach nós imeachta atá ar fáil faoin dlí náisiúnta a bheith éifeachtach ann féin. Ciallaíonn sé sin nach leor go bhféadfar nós imeachta a thionscnamh, ach freisin go bhfuil fíorchumhacht ag an gcúirt a éisteann an cás na héilimh a chuirtear isteach a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh ar iarrataí na bpáirtithe.

114. Dá bhrí sin, ní mór do chúirt náisiúnta a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha FIFA i gcoinne aon agus gach rialach de dhlí an Aontais, aon dámhachtain CES d'ainneoin sin.

115. Ba cheart go mbeadh sí in ann athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh is cuma cén chaoi a dtagann cás os a comhair: Bíodh sé go díreach mar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin nó go hindíreach, mar ghníomhaíocht theagmhasach eile (mar atá sa chás seo).

116. Ceist chríochnaitheach nach féidir neamhaird a thabhairt uirthi, agus a ardaíodh ag an éisteacht, is ea infheidhmeacht Choinbhinsiún Nua-Eabhrac,[64] a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtithe ann.[65] Cé nach bhfuil Coinbhinsiún Nua-Eabhrac ina cheangal ar an Aontas Eorpach, i gcomhréir le gnáthphrionsabal an mheoin mhacánta, chuir an Chúirt oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát san áireamh roimhe seo freisin.[66]

117. D'aontaigh na páirtithe uile ag an éisteacht go bhfuil feidhm ag Coinbhinsiún Nua-Eabhrac maidir le dámhachtainí CES.

118. Níl sé sin follasach. Ina ionad sin, is féidir teacht ar an gconclúid nach gcomhlíonann eadráin éigeantach ceanglas Airteagal II(1) de Choinbhinsiún Nua-Eabhrac.[67] Go simplí, níor 'ghlac' na páirtithe orthu féin, rud a thuigim go saor agus go comhthoiliúil, aon nó gach easaontas dá gcuid a chur faoi eadráin.[68]

119. Ligfeadh an léiriú sin do chúirteanna náisiúnta Coinbhinsiún Nua-Eabhrac a léiriú mar rud nach bhfuil infheidhme maidir le headráin éigeantach den chineál céanna eadráin spóirt FIFA.[69]

120. Más rud é, áfach, go bhfuil feidhm ag Coinbhinsiún Nua-Eabhrac, táim den tuairim nach bhfuil a fhorálacha ag teacht salach ar an léiriú ar chosaint bhreithiúnach éifeachtach a mholaim i leith eadráin éigeantach.

121. Le hAirteagal V(2)(b) de Choinbhinsiún Nua-Eabhrac, déantar athbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtainí eadrána a theorannú do shaincheisteanna beartais phoiblí.[70] Níl brí uathrialach ag an bhforáil sin sa choinbhinsiún, ach tá sí faoi réir dhlíthe a sínitheoirí.[71]

[64] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorfheidhmiú (Nua-Eabhrac, 10 Meitheamh 1958).

[65] D'áitigh an Coimisiún ag an éisteacht go mbeadh sé de cheangal ar an gCúirt dlí an Aontais a léiriú i gcomhréir le Coinbhinsiún Nua-Eabhrac, ionas nach gcuirfí oibleagáid ar na Ballstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a shárú, ag brath ar bhreithiúnas an 3 Meitheamh 2008, *Intertanko agus páirtithe eile* (C-308/06, EU:C:2008:312).

[66] Breithiúnas an 3 Meitheamh 2008, *Intertanko agus páirtithe eile* (C-308/06, EU:C:2008:312, mír 52). Féach freisin, breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe (Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí)* (C-516/22, EU:C:2024:231, mír 126).

[67] 'Aithneoidh gach Stát Conarthach comhaontú i scríbhinn faoina ngeallfaidh na páirtithe a chur faoi bhráid eadrána na difríochtaí go léir nó aon difríochtaí a d'eascair nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn eatarthu maidir le caidreamh dlíthiúil sainithe, cibé acu conarthach nó nach ea, a bhaineann le hábhar is féidir a shocrú trí eadráin'.

[68] Féach freisin, Born, G.B., *International Commercial Arbitration*, 3ú heagrán, Wolters Kluwer, 2020, lch. 275, reachtaíocht chomparáideach agus cásdlí a thíolacadh (mar shampla, ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada, ón Ríocht Aontaithe, ón tSeapáin, ón bhFrainc agus ón nGearmáin) ag glacadh cur chuige comhchosúil le léiriú an airteagail sin. D'argóint chomhchosúil nach bhfuil feidhm ag an gcoinbhinsiún air ach amháin maidir le headráin a nglactar léi go deonach, agus tagairt á déanamh d'Airteagal I(2) de Choinbhinsiún Nua-Eabhrac ('Áireofar leis an téarma "dámhachtainí eadrána" ní hamháin dámhachtainí a rinne eadránaithe a ceapadh do gach cás ach dámhachtainí a rinne buanchomhlachtaí eadrána ar chuir na páirtithe isteach orthu freisin.'), féach Wolff, R., *New York Convention: Article-by-Article Commentary*, Bloomsbury Collections, 2019, lch. 37.

[69] Measadh go bhféadfaí a oibleagáidí faoi Airteagal 351 CFAE a chomhlíonadh trí (ath)léiriú a dhéanamh ar choinbhinsiún idirnáisiúnta atá ina cheangal ar Bhallstát. Féach breithiúnas an 18 Samhain 2003, *Budějovický Budvar* (C-216/01, EU:C:2003:618, mír 169).

[70] Sonraítear in Airteagal V(2)(b) de: 'Féadfar diúltú freisin dámhachtain eadrána a aithint agus a fhorghníomhú má chinneann an t-údarás inniúil sa tír ina n-iarrtar í a aithint agus a fhorghníomhú: [...] (b) Go mbeadh sé contrártha do bheartas poiblí na tíre sin an dámhachtain a aithint nó a fhorghníomhú'.

[71] 'Capall mímhacánta' a thugtar air sa litríocht. Chatterjee, C., agus A Lefcovitch, A., 'Recognition and enforcement of arbitral awards: How effective is Article V of the New York Convention of 1958?', *International In-house Counsel Journal*, Iml. 9, 2016, lch. 1, ag lch. 10.

122. Dá bhrí sin, bealach amháin chun dul i ngleic le hinfheidhmeacht fhéideartha Choinbhinsiún Nua-Eabhrac is ea prionsabal an Aontais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a léiriú mar chuid den bheartas poiblí, chun críocha an choinbhinsiúin sin, rud a éilíonn, i gcásanna eadrána éigeantaí, athbhreithniú breithiúnach iomlán.[72] Dá bhrí sin, bheadh an prionsabal sin ina thairseach chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an dámhachtain eadrána i ndáil le dlí an Aontais is infheidhme.

4. Conclúid eatramhach

123. Agus an méid roimhe seo á chur san áireamh agam, measaim gur cheart don Chúirt a breithiúnas in *International Skating Union* a leathnú agus cur chuige eile a fhorbairt maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar dhámhachtainí eadrána a eascraíonn as eadráin éigeantach, amhail an ceann a bhí os comhair CES ar bhonn Reachtanna FIFA.

124. I ndáil leis sin, táim den tuairim go n-éilíonn cosaint bhreithiúnach éifeachtach go leathnófaí rochtain ar chúirteanna náisiúnta agus a gcumhachtaí athbhreithnithe maidir le headráin éigeantach, thar na cumhachtaí atá acu faoi láthair maidir le headráin tráchtála.

125. Ba cheart rochtain dhíreach ar agóid a dhéanamh i gcoinne rialacha FIFA, in ainneoin dhámhachtain CES a dheimhníonn a mbailíocht, a bheith ar fáil d'ábhair a mhaíonn go sáraítear a gcearta a ráthaítear le dlí an Aontais. Níor cheart raon feidhme an athbhreithnithe a bheith teoranta don bheartas poiblí, ach ba cheart forálacha ábhartha uile dhlí an Aontais a áireamh ann. Ba cheart go bhféadfaí athbhreithniú den sórt sin a fheidhmiú i ngach imeacht breithiúnach, cibé acu a thionscnaítear iad mar dhúshlán díreach in aghaidh rialacha FIFA, in imeachtaí forghníomhaithe dhámhachtain eadrána CES, nó go teagmhasach i gcineál nós imeachta eile, amhail an ceann a thionscnaíonn caingean le haghaidh damáistí.

126. Bunaithe ar chur chuige den sórt sin maidir le córas eadrána éigeantaí FIFA ag CES, molaim go bhfreagródh an Chúirt an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur mar seo a leanas. Ní mór Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar fheidhmiú an dlí náisiúnta amhail Airteagal 24 agus Airteagal 1713(9) den Code judiciaire (Cód Breithiúnach na Beilge), lena leagtar síos prionsabal *res judicata*, ar dhámhachtain eadrána a bhfuil a comhréireacht le dlí an Aontais athbhreithnithe ag cúirt de chuid Stáit nach Ballstát den Aontas Eorpach í, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

C. An dara ceist

127. Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcuirtear cosc le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE, ar riail dlí náisiúnta lena ndeonaítear ualach cruthúnais infhrisnéise do dhámhachtain eadrána i ndáil le tríú páirtithe, i gcás ina ndearna cúirt tríú tír athbhreithniú ar chomhréireacht le dlí an Aontais.

[72] Ar an gcaoi chéanna, mhol an tAbhcóide Ginearálta Tizzano go ndéanfaí an ceart chun éisteacht chóir a fháil a shainiú mar bheartas poiblí an Aontais. Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Tizzano in *Mostaza Claro* (C-168/05, EU:C:2006:265, míreanna 57 go 61).

128. Le heisceacht den Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports, aontaíonn na rannpháirtithe go léir nach gcuireann na rialacha maidir le nádúr cruthúnais na ndámhachtainí eadrána isteach go mór ar chosaint bhreithiúnach éifeachtach.

129. Áitíonn Royal Football Club Seraing agus Doyen Sports go bhfuil sé ródheacair an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fheidhmiú, go príomha trí na rialacha is infheidhme de ghnáth maidir leis an dualgas cruthúnais a aisiompú de réir rialacha náisiúnta a bhfuil ualach cruthúnais *prima facie* ag baint le dámhachtain eadrána i ndáil le tríú páirtithe.

130. Mar mhalairt air sin, áitíonn FIFA agus UEFA, le tacaíocht ó URBSFA, nach bhfuil i riail an ualaigh cruthúnais ach toimhde infhrisnéise agus, thairis sin, go bhfuil leigheas ann faoin dlí náisiúnta lena gcuirtear ar chumas cúirte náisiúnta diúltú dámhachtain eadrána a aithint nó a fhorfheidhmiú ar bhealach a chomhlíonann ceanglais na coibhéise agus na héifeachtachta.

131. Measann an Coimisiún nach lagú iomarcach ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil iad na rialacha náisiúnta atá i gceist sa mhéid nach bhfuil siad infheidhme ach amháin maidir le ceisteanna fíorais a chinntear leis an dámhachtain eadrána.

132. Aontaím leis an gCoimisiún.

133. Tá sé tábhachtach nach gcuirtear cosc leis an riail náisiúnta, mar atá mínithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, ar an gcúirt atá i gceist éifeacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú, ná ar a cumas réamhthagairt a chur isteach, má mheastar gur gá sin.

134. Le toimhde infhrisnéise d'ualach cruthúnais, i mo thuairimse, ní chuirtear cosc ar chúirteanna náisiúnta a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 19(1) CAE, ós rud é go bhfuil siad fós in ann cur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais a áirithiú, trí réamhthagairt a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais más gá.

135. Mar fhocal scoir, molaim freagra a thabhairt ar an dara ceist ón gcúirt a rinne an tarchur mar seo a leanas. Le hAirteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, ní chuirtear cosc ar riail den dlí náisiúnta lena ndeonaítear ualach cruthúnais infhrisnéise do dhámhachtain eadrána i ndáil tríú páirtithe, i gcás ina ndearna cúirt tríú tír athbhreithniú ar chomhréireacht le dlí an Aontais.

V. Conclúid

136. I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, molaim go bhfreagróidh an Chúirt na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ón Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg) mar seo a leanas:

(1) Ní mór Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

a léiriú sa chaoi go cuirtear cosc leo ar fheidhmiú an dlí náisiúnta amhail Airteagal 24 agus Airteagal 1713(9) den Code judiciaire (Cód Breithiúnach na Beilge), lena leagtar síos prionsabal *res judicata*, ar dhámhachtain eadrána a bhfuil a comhréireacht le dlí an Aontais athbhreithnithe ag cúirt de chuid Stáit nach Ballstát den Aontas Eorpach í, nach bhfuil cead aici ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

(2) Ní mór Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 267 CFAE agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar riail den dlí náisiúnta lena ndeonaítear ualach cruthúnais infhrisnéise do dhámhachtain eadrána i ndáil tríú páirtithe, i gcás ina ndearna cúirt tríú tír athbhreithniú ar chomhréireacht le dlí an Aontais.